

dlr times

SAMHRADH 2022

FÉACH ISTIGH

Imeachtaí beo
spreagúla Samhraidh

Gníomh Speisialta ar
son na hAeráide



Contae amháin – fíis amháin

Glacadh le Plean Forbartha an Chontae 2022–2028

féach istigh

PLEAN FORBARTHA CONTAE dlr 03

EOLAS DO PHOBAL dlr

Samhradh spreagúil d'imeachtaí beo 04
Páirc & Gairdíní Chnoc na Raithní Céim 2 05
Comórtas: Greenday i bPáirc Mharlaí 05

PRÓIFÍL FOIRNE dlr

Conchúr Ó Sé 05

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE dlr

Dearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha ... 06
Crios Dícharbónaithe dlr 07

GNÓ & TURASÓIREACHT dlr

Dún Laoghaire Anseo 08
Longanna Cúrsála ar ais go Dún Laoghaire 08

NUACHT dlr

MarathonKids i nDún Laoghaire 09
Ionstraimí i bPáircceanna 09

IMEACHTAÍ EALAÍONA AGUS LEABHARLANN dlr

Cruinniú na nÓg 10
Gníomhaíochtaí Cuimsitheacha maidir le Néaltrú 10
Taispeántais Lexlcon dlr 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr 12

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9
TEILEAFÓN: 01 205 4700

RÍOMHPHOST: info@dlrcoco.ie

Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma

Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14

Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm

TEILEAFÓN: 01 205 4880

RÍOMHPHOST: info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie

Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr



@dlrc



dlrcoco.ie



DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat **dlr times** a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: commsoffice@dlrcoco.ie

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – dlrcoco.ie/dlrtimes



Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Agus mé ag druidim le deireadh mo théarma mar Chathaoirleach, táim ag déanamh machnaimh ar an mbliaín iontach in oifig a bhí ann. Téann ár gcuid oibre sa Chomhairle i bhfeidhm ar gach duine sa chontae seo. Ba mhór an phribhléid é dom a bheith ag bualadh le agus a bheith ag déanamh ceiliúradh ar réimse leathan daoine, grúpaí agus eagraíochtaí cumasacha, cruthaitheacha agus rathúla ó gach cúlra. Tá cónaí orainn i gcontae álainn, ach is iad na daoine a chónaíonn agus a oibríonn anseo a chuimsíonn é go firinneach. Tabharfaidh mé cuimhní cinn chun cinn agus ba mhór an onóir é dom a bheith mar Chathaoirleach.

Is féidir leat léamh faoi Plean Forbartha an Chontae 2022-2028, a ritheadh i mbliana, agus an treoirphlean a sholáthraíonn sé dár gContae sna sé bliana amach romhainn.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an gComhairle as Bratacha Gorma a bhaint amach do na tránna ag Rinn na Mara agus Cill Iníon Léinín agus guím Samhradh iontach ar gach duine!

CLLR. LETTIE MCCARTHY



Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach, An tUasal Frank Curran

Tá an-áthas orm fáilte a chur romhat chuig eagrán an tSamhraidh den *dlr Times*. Tá go leor rudaí maithe ag tarlú inár gcontae agus is féidir leat tuilleadh a léamh fúthu sa ríomhphost seo. Tá Plean Forbartha Contae nua glactha againn le déanaí a chuirfidh treochlár ar fáil dúinn maidir leis an gcaoi ar mhaith linn go léir forbairt a dhéanamh ar ár gcontae. Tá imeachtaí agus taispeántais agus dámhachtainí agus oscailtí ar siúl an samhradh seo. Chomh maith leis na dea-rudaí sa saol, tuigimid go léir go bhfuilimid ag maireachtáil in am dúshlánach agus deacair ach braithim gur féidir linn dul i ngleic leis na dúshláin seo mar chontae.

Go háirithe, is féidir linn a bheith bródúil as iarrachtaí ár ndaoine aonair áitiúla, ár ngrúpaí pobail agus as foireann na Comhairle inár bhfreagairt ar an ngéarchéim leanúnach san Úcráin. Is dúshlán ollmhór é ár bhfáiltiú agus dídean a chur ar fáil do na mílte daoine easáitithe ón Úcráin ach tá mé den tuairim go bhfuil an Contae seo ag teacht go maith leis.

Ádh mór don Samhradh seo.

FRANK CURRAN

Margaí na Comhairle Contae

PÁIRC AN PHOBAIL & DLR

LEXICON, Dún Laoghaire Domhnach 11r.n.-4i.n.

PÁIRC M HARLAÍ

Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

Satharn 10r.n.-4i.n. agus Domhnach 11r.n.-4i.n.

UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

Lasmuigh de Ghnáthuaireanta: 01 677 8844
[i ndiaidh 5i.n. agus an deireadh seachtaine]

Daoine gan Dídean: 1800 724 724
[seirbhís iar-ama]

Uisce Éireann: 1850 278 278
[24 uair an chloig]

Páirc-eanna dlr



PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 8r.n. go 7i.n. | Samh. – Ean. 8r.n. go 5i.n. | Feabh. 8r.n. go 6i.n. | Márta 8r.n. go 7i.n. | Aib. 8r.n. go 8i.n. | Beal. – Lun. 8r.n. go 10.30i.n.

PÁIRC NA BHFIANNA

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ

UAIREANTA OSCAILTE: 9r.n. - 6i.n.

PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC M HARLAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 9r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 9r.n. go 6i.n. | Samh. – Ean. 9r.n. go 5i.n.
Feabh. – Márta 9r.n. go 6i.n. | Aib. 9r.n. go 9i.n. | Beal. – Lún. 9r.n. go 10i.n.

PÁIRC AN PHOBAIL

UAIREANTA OSCAILTE: Noll. – Márta 8r.n. go 4.30i.n.
Aib. – Beal. 8r.n. go 7.30i.n. | Meith. – M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. – Samh. 8r.n. go 7.30i.n.

PÁIRC SHEANGÁNAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

Eolas faoi athchúrsáil



PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN

Bóthar Bhaile Uí Ógáin

TEILEAFÓN: 01 291 3600

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Aoine 8.30r.n. go 5.30i.n., Sath. 9.30r.n. go 5.30i.n. | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30r.n. go 5.30i.n.

DÚNTA: Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN

Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.
Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n.

DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ

Carrchlós na Reilige, Seanchill

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.
Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n.

DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

Leabharlanna dlr



dlr Lexlcon

Ardán Haigh, Dún Laoghaire

TEIL: 01 280 1147

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 9.30r.n. – 8i.n.
Aoine go Sath. 9.30r.n. – 5i.n. | Domh. 12i.n. – 4i.n.

AN CHARRAIG DHUBH

Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór

TEIL: 01 288 8117

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

CÁBÁN TSÍLE*

Seanbhóthar Bhré, Cábán tSÍle

TEIL: 01 285 5363

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

DEILGINIS

Sráid an Chaisleáin, Deilginis

TEIL: 01 285 5317

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

GRÁINSEACH AN DÉIN

Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin

TEIL: 01 285 0860

UAIREANTA OSCAILTE: Luan 10r.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 8i.n. | Aoine agus Sath. 10r.n. – 5i.n. Níl an mód 'Mo Leabharlann Oscailte' ag feidhmiú faoi láthair.

DÚN DROMA

Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma

TEIL: 01 298 5000

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 8i.n.

SEANCHILL*

Bóthar na Leabharlainne, Seanchill

TEIL: 01 282 3081

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

STIGH LORGAN

Aonad J (An chéad urlár), Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan

TEIL: 01 288 9655

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Máirt agus Céadaoin 10r.n. – 5i.n. | Déardaoin 10r.n. – 8i.n. | Aoine agus Satharn 10r.n. – 1i.n. agus 2i.n. – 5i.n.

* Bíonn na leabharlanna a bhfuil réiltín in aice leo ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn - déan teagmháil leo chun sonraí breise a fháil.

- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan más deireadh seachtaine saoire bainc atá ann.



Plean Forbartha Contae dlr

2022 – 2028

Fís agus Torthaí Straitéiseacha don Chontae

Rinne 40 comhalta tofa Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022-2028 agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Aibreán 2022.

Leagtar amach sa Phlean nua fís chuimsitheach le haghaidh muince bailte agus sráidbhailte arb ionann iad agus an Contae agus a bheidh mar threoir d'fhás agus d'fhorbairt a bheidh athléimneach ó thaobh na haeráide de agus bríomhar ó thaobh na heacnamaíochta de thar an tréimhse 6 bliana ó 2022-2028.


Tá an Plean bunaithe ar chúig Thorthaí straitéiseacha Contae atá idirghaolmhar agus i dteannta a chéile is féidir Fís fhoriomlán an Phlean Forbartha a chur i gcrích thar shaolré an Phlean. Is iad seo a leanas na cúig Thorthaí straitéiseacha:



Croí Straitéis

Áirítear sa Phlean Forbartha “Croí Straitéis” ina leagtar amach straitéis socraíochta agus fáis an Chontae thar an tréimhse 6 bliana 2022-2028.

Tá sé mar aidhm ag an gcroístraitéis fás dlúth agus inbhuanaithe a chur ar fáil laistigh de lorg tógtha reatha an Chontae. Tá go leor talún críosaithe sa Phlean glactha deiridh chun thart ar 23,000 teach nua a tháirgeadh thar shaolré an phlean.




Contae Inmharthana

Cé go bhfuil béim sa straitéis lonnaíochta ar an dlúthfhás, is é fócas uileghabhálach an Phlean Forbartha ná chun Contae inmhairtheanach a chruthú.

Mar aitheantas ar an gcuspóir uileghabhálach sin, tugtar isteach leis an bPlean cuspóir nua críosaithe úsáide talún ‘*Bonneagar Comharsanachta Inbhuanaithe*’. Cuimsíonn sé seo bonneagar sóisialta agus pobail atá ann cheana féin amhail oideachas, cultúr pobail, áiseanna sibhialta, áineasa, cúram sláinte agus áiseanna reiligiúnacha.

Chomh maith leis sin, cuireann an Plean coincheap ‘10 nóiméad’ na comharsanachta chun cinn, a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú gur féidir le daoine siúl, rothaíocht nó úsáid a bhaint as iompar poiblí chun rochtain a fháil ar a gcuid riachtanas agus seirbhísí ó lá go lá amhail scoileanna, siopaí, páirceanna agus fostaíocht.



Buíochas!

Ba mhaith leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis an bpobal ginearálta agus geallsealbhóirí eile a ghlac páirt ghníomhach agus dhearfach i bpróiseas an phlean forbartha dhá bhliain.



dlr ina óstach ar shamhradh spreagúil d'imeachtaí beo

Tá réabh leanaí, ceoldráma dátheangach agus taifeadadh de Dhomhnach Miscellany RTÉ i measc na n-imeachtaí a bheidh ar siúl i rith an tsamhraidh. Tá an réabh leanaí á choimeád go speisialta ag DJ Kwame Daniels, ag spreagadh tuismitheoirí agus leanaí chun damhsa le chéile agus tástáil a dhéanamh ar rithim agus ceol.

Mar chuid den chlár beidh ceiliúradh 21 bliain d'Amharclann an Pavilion agus ceoldráma dátheangach nua, Tír na nÓg, ó Dlr Mill Theatre ag tabhairt aird ar Niamh Cinn Óir chun a leagan d'imeachtaí a insint.

Beidh níos mó ná trí cinn déag d'imeachtaí ar siúl i mí an Mheithimh seo i Lexlcon dlr, in Amharclann an Mhuilinn agus in Amharclann Pavilion le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin faoin Scéim Léiriúcháin Beo Áitiúil arna maoiniú ag an Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag dlrcoco.ie/arts

Bain sult as tráanna agus spásanna poiblí an samhraidh seo!

Anseo atá an ghrian! Agus an samhradh romhainn arís, tugaimid cuireadh do gach duine taitneamh a bhaint as an iliomad tráanna agus spásanna poiblí atá againn. Oibrímid go dian chun go leor spásanna poiblí iontacha a chruthú agus a chothabháil ar fud an chontae, ónár dtránna agus ár limistéir snámha, go dtí ár bpáirceanna agus ár gceantair thírdhreacha agus an t-iliomad spásanna álainn mealltacha a cruthaíodh i gcomharsanacht ár mbailte agus ár sráidbhailte.

Cé go spreagaimid gach duine chun lánúsáid a bhaint as ár spásanna amuigh faoin aer agus taitneamh a bhaint astu le linn na dea-aimsire, bí feasach go bhfuil ról le himirt againn go léir chun ár limistéir phoiblí a chothabháil. Beidh ár bhfoirne amuigh faoin aer ag obair go dian i rith mhíonna an tsamhraidh chun cothabháil riachtanach spásanna poiblí a chinntiú, ach go nádúrtha, méadaíonn na héilimh le linn buaicthréimhsí agus cuidíonn gach rud lenár dtimpeallacht a choinneáil glan agus slachtmhar.

Tá ár n-áiseanna pobail agus poiblí do gach duine agus bí ag smaoineamh i gcónaí ar an duine a thagann i do dhiaidh chun taitneamh a bhaint as spás poiblí. Bíodh samhradh iontach agat!



CUIMHNIGH, LE DO THOIL

- Glanaigh suas i do dhiaidh agus tú ag baint taitnimh as spásanna poiblí
- Bain leas as áiseanna bruscair nuair a chuirtear ar fáil iad
- Má tá bosca bruscair lán, tabhair leat do bhruscar abhaile
- Déan do thuras a phleanáil chun sluaite a sheachaint
- Léirigh meas i gcónaí agus lean an chomhairle ónár nGardaí Tarrthála Trá, ár maoir agus foireann na comhairle i gcoitinne



Brat Gorm bronnta ar thránna Rinn na Mara agus Cill Iníon

Il mí na Bealtaine, bronnadh an Brat Gorm ar Thránna Rinn na Mara agus Cill Iníon Léinín le haghaidh 2022. Bhronn An Taisce an gradam ar fhoireann na Rannóige Glantacháin agus Tránna ag searmanas fíorúil ar líne.

Comhghairdeas le gach ball foirne de chuid dlr a bhfuil

baint acu le glanadh agus bainistiú na dtránna ó lá go lá, sampláil agus tuairisciú cáilíochta uisce, oibreacha cothabhála a bhainistiú agus an t-iarratas ar bharr gorm a ullmhú.

Gabhaimid buíochas freisin lenár ngardaí tarrthála, agus leis na daoine go léir a chabhraigh le Glantacháin Trá le bliain anuas.

Nuacht d'Íocóirí Rátaí Tráchtála



Coinníodh an t-iliomad Deontas agus Tacaíochtaí do Ghnólachtaí i mBuiséad na Comhairle don bhliain 2022 lena n-áirítear an Deontas Tacaíochta d'Íocóirí Rátaí d'Íocóirí rátaí incháilithe a bhfuil bille rátaí 2022 níos lú ná €21,019.42 acu. Céimnítear íocaíochtaí deontais ag brath ar leibhéal na rátaí iníochta agus athraíonn an deontas ó 4 % go 10 %. Chun cáiliú don Deontas Tacaíochta d'Íocóirí Rátaí, ní mór duit iad a íoc go hiomlán faoin 1 Iúil 2022 nó clárú chun do rátaí a íoc le Dochar Díreach roimh an dáta sin.

Má chláraíonn tú chun íocaíocht a dhéanamh trí dhochar díreach agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha eile na scéime a chomhlíonadh, cuirfead do dheontas i bhfeidhm go huathoibríoch ar do chuntas i mbliana trí d'íocaíocht dhíreach fiachais i mí na Samhna agus i mí na Nollag a laghdú. Féach dlrcoco.ie/ratesgrants chun sonraí iomlána a fháil, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha.

Déan teagmháil linn chomh luath agus is féidir chun an comhaontú riachtanach a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcáileoidh tú.

Fón: **01 205 4821** | Ríomhphost: rates@dlrcoco.ie

Tuilleadh eolais faoi Rátaí agus Fiontar:

Rátaí - dlrcoco.ie/rates | Fiontar - localenterprise.ie/dlr

Nasc le do chontae agus dean tástáil Déan teagmháil le do chontae agus bain triail as cumhacht na háite



Teach Oscailte Baile Átha Cliath 14-16 Deireadh Fómhair

Bí linn don fhéile phoiblí ailtireachta agus deartha is mó in Éirinn agus muid ag scaoileadh na doirse chuig na céadta suíomh ar fud Bhaile Átha Cliath. Le clár plódaithe de 200+ turas faoi threoir shaineolach d'fhoirgnimh stairiúla agus chomhaimseartha, gníomhaíochtaí amuigh faoin aer agus ar líne, cainteanna, scannáin, díospóireachtaí agus i bhfad níos mó tá Teach Oscailte Baile Átha Cliath ar ais le himeachtaí saor in aisce agus inrochtana do gach aois i mí Dheireadh Fómhair.

Tá Architreks de chuid Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann ina mbileoga gníomhaíochta ailtireachta atá deartha go speisialta do theaghlaigh, atá lán de chluichí breathnóireachta, de sceitseáil agus de thráth na gceist a threoraíonn tú feadh bealaí roghnaithe. Forbraítear na Architreks don Teach Oscailte Sóisearach. Níl ort ach na Architreks thíos a íoslódáil agus iad a phriontáil nó a fheiceáil ar fhón nó iPad!

[Architrek Dún Droma](#)


Sráidbhaile beag ag bunchnoic shléibhte Bhaile Átha Cliath a bhí i nDún Droma ar dtús, agus talamh feirme agus tithe eastáit timpeall air. Bhí sé mar chuid den fháinne cosanta timpeall Bhaile Átha Cliath ar a dtugtar 'an Pháil.' Faigh amach níos mó faoi stair Dhún Droma mar a d'fhorbair sé le himeacht aimsire trí bhreathnú ar an ailtireacht timpeall ort!

[Architrek Dún Laoghaire](#)

Faigh amach faoi chladach Dhún Laoghaire ag Páirc an Phobail a bhfuil an-tóir air agus ag dul thar an gcosán rothaíochta cósta, tógfaidh an bealach seo tú chuig pointí stoptha lena n-áirítear an Músaem Muirí agus an Lexlcon dlr.

Páirc & Gairdíní Chnoc na Raithní Céim 2

Tá críochnú chéim 2 d'fhorbairt Pháirceanna agus Ghairdíní Chnoc na Raithní ina chloch mhíle mhór i bhforbairt iomlán na Páirce Suaitheanta seo.



Amharc ón Aer ar an Ascaill Iontrála, spásanna Páirceála Féar, an Sleamhnán Slide & Callaistéinic

Rinneadh oibreacha chéim 2 agus cuireadh i gcrích iad mar chuid den Mháistirphlean do Chnoc na Raithní, agus bhí an méid seo a leanas ann:

Pointe rochtana nua d'fheithiclé ar Bhóthar Áth na Sceire in aice le Scoil Rosemont. Áirítear leis seo trasrian coisithe, acomhal comharthaíochta agus lánaí rothar feadh an bhóthair. Áiríodh leis sin geataí agus ráillí nua, comharthaíocht agus gné uisce ag an mbealach isteach féin. Tá an ascaill rochtana, an cnoc agus an carrchlós sa pháirc uachtarach go léir soilithe go hiomlán mar chuid den obair.

164 spás páirceála a shuiteáil feadh na n-ascaill chnoic agus sna páirceanna uachtaracha, lena n-áirítear rochtain do dhaoine faoi mhíchumas agus 10 bpointe luchtaithe d'fheithiclé leictreacha. Tá an pháirceáil deartha le bheith comhlántach leis an bPáirc seachas a bheith mar an chuid is suntasaí di. Tá an chuid is mó de na spásanna déanta suas d'fhéar treisithe seachas tarmac.

Athmhúnlú suntasach agus athghrádú suntasach a dhéanamh ar Pháirc an Bhóthair chun áis ilchuspóireach imeartha féir a chruthú, raon reatha dhá lána, callaistéinic agus líonra de chosáin mórthimpeall air a nascann leis an gcuid eile den Pháirc. Chuimsigh sé seo an comhrian de céimeanna agus sleamhnán feadánach ollmhór. Tá an ithir ar fad a baineadh amach mar chuid de seo á athúsáidte sa Pháirc, tá dumhaí nua tógtha againn ag cruthú deiseanna chun bláthanna fiáine agus crainn a phlandáil.

Bhí baint ag an obair seo freisin le línte BSL a chur faoi thalamh agus oibreacha suntasacha a dhéanamh faoi thalamh chun draenáil agus cumhacht a chur ar fáil don todhcháí.



Comórtas Green Day i bPáirc Mharlaí



Ar mhaith leat ticéid a bhuachan chun Green Day a fheiceáil i bPáirc Mharlaí Dé Luain 27 Meitheamh 2022?

Tá 2 phéire ticéid le tabhairt uainn agus níl le déanamh agat ach clárú leis an dlr Times a fháil ar ríomhphost thíos faoi Dé hAoine 17ú Meitheamh.

Cuirfear na buaiteoirí ádhúla ar an eolas Dé Luain 20 Meitheamh.

[Cuir isteach anseo](#)

Próifíl foirne dlr



Conchúr Ó Sé

OIFIGEACH FORBARTHA
GAELIGE

Cad a bhíonn agat don bhricfeasta?

Babhla Weetabix, iógart agus banana nó má bhíonn an t-am agam is maith liom uibheagán de liamhas, cáis agus trátaí a dhéanamh.

Cad a dhéanann tú?

Is mise an tOifigeach Forbartha Gaelige le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Cad iad na caithimh aimsire atá agat?

Is breá liom a bheith ag breathnú ar sport, ón sacar sna sraitheanna difriúla, an pheil agus an iománaíocht. Is iad St Patrick's Athletic agus Manchain Aontaithe an dá fhoireann is fearr liom agus téim chuig cluichí Pats beagnach gach seachtain. Is breá liom dul go dtí cluichí de chuid na Dubs freisin! Bainim taitneamh as dul amach ag rith/síúil. Is léitheoir díograiseach mé agus bainim sult as bheith ag léamh formhór na n-óccheanta.

Cén chuma a bhíonn ar do ghnáthlá oibre?

Bíonn gach lá difriúil agus go dtí seo bainim an-sult as an ngné sin den obair! Taitníonn sé liom gur féidir liom smaointe a thabhairt liom chun a dheimhniú go bhfuil Comhairle Contae dlr ag cloí leis an reachtaíocht ábhartha agus chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Bíim ag déanamh aistriúcháin ar dhoiciméid éagsúla, ag plé smaointe éagsúla cosúil le holiúint a chur ar bhaill foirne sa Ghaeilge le daoine éagsúla, freagraím ceisteanna éagsúla faoin nGaeilge ó bhaill foirne agus bíim amuigh faoin aer. Freisin, bíim ag cabhrú le hócáidí éagsúla a reáchtáil ma chuid de mo lá oibre. Bainim an-taitneamh as.

Cad í an ghné is deacra de do phost?

Is í an ghné is deacra sa phost atá agam ná chun a bheith réalaíoch faoin méid rudaí a bhfuilim ag súil leo. Tuigim go dtógann sé go leor ama má theastaíonn uaim rud a athrú nó smaoinem a chur i bhfeidhm agus nach dtarlaíonn sé seo thar oíche. Is i ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin!

Cad í an ghné is sásúla de do phost?

Is í an ghné is sásúla de mo phost ná ag breathnú ar rudaí, comharthaí sráide mar shampla, agus iad athraithe ionas go bhfuil siad ar fáil go dátheangach. Reáchtáil mé roinnt maidineacha caifé trí Ghaeilge leis an bhfoireann ó thosaigh mé sa Chomhairle agus bhain mé sult as breathnú orthu ag eirí níos muinín ag labhairt agus ag cuimhniú ar an nGaeilge a d'fhoghlaim siad. Bainim an-sásamh ar fad as an teanga, a raibh paisean agam di ó thosaigh mé amach i mbunscoil Ghaeilge, a chur chun cinn agus ta súil agam go mbeidh mé ábalta níos mó a dhéanamh le himeacht ama chun an Ghaeilge a chur chun cinn!

Cad í an áit is fearr leat le cuairt a thabhairt uirthi?

Vítneam go dtí seo ach d'fheadfadh sé sin athrú toisc go bhfuil sé ar intinn agam go leor tforta/áiteanna nua a fheiceáil nuair a bhfuil an deis agam!



Dearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha

Is í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an chéad údarás áitiúil in Éirinn a shínigh [Dearbhú Cathracha Ciorclacha na hEorpa](#). Shínigh An Cathaoirleach, an Comhairleoir Lettie McCarthy é ag Cruinniú na Comhairle i mí na Bealtaine.

Is gealltanais é Dearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha ó chathracha agus ó réigiúin, chun feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun aistriú ó gheilleagar líneach go gheilleagar ciorclach. Tá sínitheoirí tiomanta don ghá atá ann an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní agus aithníonn siad go bhfuil ról ríthábhachtach ag rialtais áitiúla agus réigiúnacha agus go bhfuil fíis choiteann acu maidir le geilleagar ciorclach.

Tá Dearbhú na gCathracha Ciorclacha Eorpacha á bhainistiú ag Circle Economy agus ICLEI — Rialtais Áitiúla don Inbhuanaitheacht, a bhfuil seasca a haon sínitheoir acu faoi láthair. Is líonra domhanda de bhreis agus 2,500 rialtas áitiúil agus réigiúnach é ICLEI atá tiomanta d'fhorbairt uirbeach inbhuanaithe.

Sna blianta amach romhainn, déanfaidh an Chomhairle gealltanais Dhearbhú na gCathracha Ciorclacha a leabú i gcur chun feidhme leanúnach a Plean Gníomhaíochta don Athrú Aeráide 2019-2024, i gcomhar le cathracha Eorpacha eile.

Brat Glas bronnta ar scoileanna dlr

Comhghairdeas le gach scoil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ar bronnadh an Brat Glas orthu i mbliana. Déanann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin iarracht ceannaireacht a léiriú i gcosaint an chomhshaoil agus i ngníomhú ar son na haeráide. Tá clár na Scoileanna Glasa á éascú go háitiúil ag foireann na Comhairle Contae, i gcomhar leis an Taisce. Bhíomar an-tógtha agus spreagtha ag an obair atá á déanamh ag scoileanna dlr i dtreo bruscair agus laghdú dramhaíola, caomhnú fuinnimh agus uisce, taisteal inbhuanaithe, bithéagsúlacht agus caomhnú muirí.

Tá clár na Scoileanna Glasa ceaptha chun gníomh scoile uile ar son an chomhshaoil a chur chun cinn agus a aithint. Tugann scoileanna faoi thionscadail fhadtéarmacha ar shaincheisteanna comhshaoil amháil bainistiú dramhaíola agus bruscair, fuinneamh, uisce, iompar inbhuanaithe, bithéagsúlacht agus saoránacht dhomhanda.



Fág Lorg Lapaí Amháin

De réir ár bPlean Corparáideach, tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin caighdeán na beatha a shaibhriú trí phobail bheoga tríd an gClár Glas do Shiúlóirí Madraí a chur chun cinn. Is clár faoi stiúir an phobail é an Clár Glas do Shiúlóirí Madraí a chuireann úinéireacht fhreagrach madraí chun cinn ar bhealach dearfach agus neamh-achrannach. Más úineir madra a ghlanann suas i ndiaidh do mhadra i gcónaí, glac an gealltanais chun bheith i do Ghlas-sheaimpín Siúlóirí Madraí. Cuirfidh an Chomhairle roinnt málaí dramhaíola madraí deamhéine, dáileoir málaí, sealbhóir málaí úsáidte agus tuilleadh eolais chugat. Chun an gealltanais a ghlacadh, tabhair cuairt ar dlrcoco.ie/greendogwalkers nó déan teagmháil i info@dlrcoco.ie.

Dámhachtain Tionchair Inbhuanaitheachta oscailte d'iontrálacha



Dún Laoghaire-Rathdown Chamber
Advancing business together



Tá an-áthas orainn urraíocht a dhéanamh ar an Dámhachtain Tionchair Inbhuanaitheachta i nGradam Gnó an Chontae 2022. Arna óstáil ag Cumann Tráchtála Contae DLR, seolfar na Gradaim ag a gCruinniú Cinn Bhliana ar an 24 Bealtaine in Óstán Talbot i Stigh Lorgan agus beidh siad ar oscailt le haghaidh iontrálacha go dtí an 31 Iúil 2022. Tá sé mar aidhm ag na Gradaim seo aird a tharraingt ar ghnóthachtaí ghnó i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus tréimhse ríthábhachtach téarnaimh agus fáis gnó ag teacht.

Táimid ag spreagadh gach cuideachta, beag beann ar mhéid nó ar earnáil, dul isteach sa chatagóir Tionchair Inbhuanaithe chun aird a tharraingt ar a bhfuil bainte amach acu maidir lena lorg carbóin a laghdú. Is uirlis mhargaíochta den scoth é duais den sórt seo a bhuachan agus aithníonn sé iarracht chomhoibríoch na bhfostaithe agus na bainistíochta comhspricanna a bhaint amach.

Le haghaidh tuilleadh eolais agus sonraí faoi conas iontráil a chur isteach téigh chuig dlrchamber.ie nó seol ríomhphost chuig ár nOifigeach Gnó Glas, Margaret Coles ag mcoles@dlrcoco.ie

Buaiteoirí ár gComórtais Ealaíne

Iarradh ar pháistí timpeall an Chontae píosa ealaíne a chruthú a léirigh an tábhacht a bhain leis an bPlean Forbartha Contae dóibh. Bhí os cionn 60 iontráil iontach againn sa chomórtas. Roghnaigh ár moltóirí na buaiteoirí seo a leanas:

Téama 1: Gníomhú ar son na hAeráide:

- Céad Áit - Leja Matiykaite, Bunscoil na nDoiminiceach
- Dara hÁit - Kim Doyeon, Scoil Shóisearach Naomh Aindriú

Téama 2: Comharsanacht:

- Céad Áit - Lucy Legge, Scoil Náisiúnta Chill na Gráinsí
- Dara hÁit - Sadie Bowen, Scoil Náisiúnta na gCailíní Páirc an Chuilinn



Leja Matiykaite



Lucy Legge

Bealach Taistil Gníomhach: Bóthar Theach Naithí go dtí an N11




Faoi láthair, tá dlr ag tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí neamhreachtuil maidir leis an scéim thuas. Tá an tionscadal dírithe ar shábháilteacht a fheabhsú agus ar bhonneagar soghluaisteacha gníomhaí a uasghrádú agus áirítear leis:

- Leithead an bhóthair atá ann cheana feadh an R112 a laghdú chun luasanna tráchta malla a éascú, rud a éascaíonn tabhairt isteach áiseanna taistil gníomhacha freisin;
- Uasghrádú agus tabhairt isteach conair rothaíochta dhá bhealach ar feadh an R112 ó Bhóthar Theach Naithí go dtí an N11;
- Uasghrádú a dhéanamh ar chrosairí atá ann cheana féin do shiúlóirí; bealaí éasca sábháilte a chur ar fáil do phríomhcheann scríbe ar an dá thaobh den tsráid;
- Trasrianta breise a sholáthar do shiúlóirí ag príomhshuíomhanna, bunaithe ar bhreithniú ar 'dúillínite' (bealaí dóchúla a bheidh le cur i gcrích ag an bpobal);
- Acomhail atá ann cheana a uasghrádú chun tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí siúlóide agus rothaíochta níos sábháilte; agus
- Cosáin leanúnacha agus rianta rothaíochta a chomhtháthú ar thaobhsráideanna chun aistriú sábháilte agus éasca chuig taobhsráideanna a chumasú.

Tá cóipeanna den cháipéisíocht a bhaineann leis an scéim seo ar fáil ar [limistéar Spás Saoránach dlr ar ár suíomh gréasáin](#)

Is é an 17 Meitheamh 2022 an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí.



Crios Dícharbónaithe dlr Dún Laoghaire agus an Charraig Dhubh

Tá Dún Laoghaire agus an Charraig Dhubh roghnaithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar Chrios Dícharbónaithe nua (CD). Is gníomh de chuid na nÚdarás Áitiúil é forbairt CD, atá mar chuid den Plean Náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide 2021.



Tá sé beartaithe go mbeidh an crios sin ina fhócas do réimse beart maidir le gníomhú ar son na haeráide, amhail tionscadail agus torthaí a shainiú, a rannchuideoidh le spriocanna aeráide náisiúnta a bhaint amach. Tá na spriocanna sin leagtha amach san [Acht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin \(Leasú\) 2021](#) agus sa [Plean Náisiúnta um Gníomhú ar son na hAeráide 2021](#).

Rinneadh Crios Dícharbónaithe na Comhairle a roghnú i gcomhar le hOifig Réigiúnach um Gníomhú ar son na hAeráide (CARO) i mBaile Átha Cliath agus Codema — Gníomhaireacht Fuinnimh Bhaile Átha Cliath, agus réachtáladh seisiúin faisnéise freisin do Chomhaltaí Tofa.

Oibreoidh dlr, in éineacht le CARO Bhaile Átha Cliath agus Codema Bhaile, leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar Plean Forfheidhmithe CD a fhorbairt. Sa Plean Cur Chun Feidhme, fiosrófar saintréithe fuinnimh agus aeráide CD ar bhealach níos mionsonraithe agus sainiú na tionscadail ar féidir iad a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar mhaolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide agus bithéagsúlacht.

[Tuilleadh eolais](#)

Dún Laoghaire Anseo

Ta Dún Laoghaire Anseo ar ais arís an samhradh seo chun cuid de na healaíontóirí sráide is fearr ó Éirinn agus níos faide i gcéin a thabhairt go dtí Baile Dhún Laoghaire.

Mairfidh sé ó 3ú Lúnasa go dtí 12ú Lúnasa agus tiocfaidh ochtar ealaíontóirí go dtí Dún Laoghaire chun níos mó solais agus gréine a thabhairt isteach sa bhaile. I mbliana, glacfaidh beirt ealaíontóirí áitiúla atá ag teacht chun cinn páirt san fhéile, áit a ndéanfaidh James Kirwan agus Shane Sutton meantóireacht orthu, beirt dár n-ealaíontóirí atá ag filleadh ón mbliain seo caite.

Téigh síos go Dún Laoghaire i mí Lúnasa chun páirt a ghlacadh sa spraoi a bhaineann le breathnú ar na healaíontóirí ag an obair agus féachaint ar a gcuid ealaíne. Coinnigh súil ar na meáin shóisialta de chuid dlr agus ar shuíomh gréasáin Dhún Laoghaire Anseo le haghaidh tuilleadh eolais dlrcoco.ie/dlanseo



VivaGreen chun ionadaíocht a dhéanamh do dlr ag Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta 2022



Gnó déantúsaíochta áitiúil atá neamhdhíobhálach don chomhshaol is ea é VivaGreen atá imithe ó rath go rath ó bunaíodh é sa bhliain 1998.

Bunaithe i bPáirc Ghnó Ghráinseach an Déin in dlr, forbraíonn agus táirgeann an chuideachta táirgí atá déanta as comhábhair atá bunaithe ar phlandaí agus in-bhithmhillte agus is ceannródaíthe iad i gcleachtais inbhuanaithe. Is é éiteas an chomhlachta ná úsáid a bhaint as an méid atá acu agus gan ach acmhainní nádúrtha nó dramhaíl a úsáid chun an dara saol a thabhairt dó.

I measc roinnt de na táirgí atá ag VivaGreen ná:

Stáplaí in-bhithmhillte GreenStake; Málaí inmhúirínithe GreenSax; MossOff Saor ó Cheimicí; Remade — Ó Málaí Dramhaíola Plaisteacha na hÉireann, Málaí Páipéar Ceapairí SnackSax agus Díbreoir Bolaidh Saor ó Cheimicí DeOdour.

In 2020 sheol VivaGreen Tru Eco freisin, geilleagar ciorclach atá in-athlonta de tháirgí níocháin agus glantacháin tí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Déanann VivaGreen 80% dá gcuid táirgí a easpórtáil agus is iad na Stáit Aontaithe agus an Ríocht Aontaithe na margáí is mó atá acu thar lear.

Roghnaíodh VivaGreen chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Oifig Fiontair Áitiúil dlr ag an 2úa Dámhachtain Náisiúnta Fiontraíochta i mbliana.

Gradaim Fiontraíochta an Chontae do Mhic Léinn



Reáchtáladh searmanas bronnta Gradaim Fiontraíochta an Chontae do Mhic Léinn Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar líne i mí Aibreáin. Ba í an bhliain seo an 20ú bliain den chlár Fiontraíochta do Mhic Léinn a bhí á reáchtáil ag na hOifigí Fiontair Áitiúla agus san am sin ghlac os cionn 300,000 mac léinn páirt go náisiúnta, ag foghlaim scileanna tábhachtacha maidir le conas smaoineamh gnó a chruthú, gnó a thosú agus gnó a fhás.

Téann mic léinn san iomaíocht i dtí chatagóir éagsúla, Sóisearach, Idirmheánach agus Sinsearach agus cuireann siad i láthair ar roinnt príomhréimsí gnó amhail taighde margaidh, oibríochtaí, bailíochtaí custaiméirí agus airgeadas.

Ba iad na buaiteoirí sóisearacha i mbliana ná Catherine O'Neill, agus Kate Hanley ó Mhainistir Loreto, Deilginis as a ngnó Coileán i mBosca, tháinig an buaiteoir idirmheánach as Mainistir Loreto, Deilginis freisin, Aoibheann McNally, as a ngnó Fáinní Cluasa le hAoibheann, agus ba iad na buaiteoirí sinsearach ná Katie Nicholson, Nicola Murphy, agus Holly Fleming as Meánscoil Rosemount dá gcuid gnó Sláthach Ceiliúráin.

Cuireadh na buaiteoirí ar aghaidh chuig an gCraobh Náisiúnta in Amharclann an Helix i mí Bealtaine agus tá áthas orainn a rá gur éirigh le Fáinní Cluasa le hAoibheann an comórtas sa chatagóir idirmheánach a bhuanach. Comhghairdeas ó chroí le hAoibheann agus na daltaí uilig a ghlac páirt. Aitheantas freisin do na múinteoirí agus na tuismitheoirí a oibríonn chomh dian sin chun cultúr fiontraíochta a chothú i scoileanna ár gContae.

Longanna Cúrsála ar ais go Dún Laoghaire



Agus an tionscadal turasóireachta domhanda agus náisiúnta ag tosú arís i mbliana, tá lúcháir ar Chuan Dhún Laoghaire fáilte a chur roimh níos mó ná 70 long cúrsála in 2022.

Ag dul ó níos mó ná 3000 paisinéir go díreach faoi bhun 300, is féidir na longa a fheiceáil ag ancaire amach i mBá Fear na hAlban agus beidh na soithí beaga le feiceáil taobh leis an gCuan.

Tá bonneagar nua Cuain i bhfeidhm anois chun rochtain éasca a cheadú d'aíonna atá ag teacht ó bhord na loinge agus chun iad a threorú go sábháilte chuig an mbaile. Cuirtear fáilte roimh aíonna isteach sa Chuan ag both eolais nua in aice leis an seanfhoirgneamh críochfort farantóireachta.

Tugann an fhoireann treoir d'aíonna cuairt a thabhairt ar thithe tábhairne áitiúla, ar shiopaí agus ar nithe is díol spéise áitiúla sa cheantar. Tá an both eolais turasóireachta oscailte freisin ar Bhóthar na Banríona/Bóthar na Mara 10r.n. go dtí 5i.n. gach lá.

Táimid ag tnúth le bliain ghnóthach amach romhainn don bhaile agus don cheantar máguaird.

Sceideal cúrsála dlharbour.ie/visit-us/cruise-schedule/

972 páiste scoile páirteach i MarathonKids



Bhí an-áthas ar Chomhpháirtíocht Spóirt dlr dul i gcomhar le MarathonKids Ireland an t-Earrach seo chun deis a thabhairt do bhunscoileanna i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin páirt a ghlacadh i gclár corpoideachais 8 seachtaine.

Díríonn MarathonKids ar dhaltaí atá i rang a 5 agus rang a 6, agus cuimsíonn sé meascán d'acailocht agus d'oidéachas ar fholláine choirp agus mheabhrach. Cuimsíonn sé ritheanna gearra laethúla a éiríonn níos faide go dtí fad maratón thar an gclár 8 seachtaine. Chomh maith leis na seisiúin ghníomhaíochta a dhíríonn ar spraoi agus ar thaitneamh, cuirtear oideachas ar dhaltaí sa seomra ranga trí leabhráin agus acmhainní ar líne, ar na buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht dá bhfolláine fhisiciúil agus mheabhrach agus don tábhacht a bhaineann le cothú agus aiste bia dár gcorp.

Bhí an-tóir air i mbliana don chéad bhliain dúinn le MarathonKids le trí bhunscoil déag áitiúil agus 972 dalta san iomlán ag glacadh páirte sa chlár. Bhí an tuairisc ar ais ó na múinteoirí dearfach d'aon ghuth. Tháinig méadú ar acailocht a gcuid mac léinn go léir, bhí leibhéil fuinnimh feabhsaithe acu agus tháinig feabhas ar a leibhéil tíuchana. Thug sé tuiscint ar chomrádaíocht, gnóthachtáil agus sonas laistigh de na ranganna tar éis spriocanna pearsanta agus grúpa a bhaint amach.

Is é David Gillick, lúthchleasaí rianta agus páirce idirnáisiúnta agus Oilimpeach na hÉireann an t-ambasadóir do Chlár MarathonKids agus thug sé cuairt ar roinnt scoileanna atá páirteach sa cheantar chun labhairt leis na daltaí. Chuir sé a lucht féachana faoi dhraíocht lena comhrá macánta agus oscailte faoin tábhacht a bhaineann le cleachtadh, a thaitní mar lúthchleasaí agus tar éis dó go leor ceisteanna a fhreagairt, ghlac sé am chun dul san iomaíocht leis na paistí i rás.

Tá sé i gceist ag Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an clár a reáchtáil arís an bhliain seo chugainn.



Cathracha Gníomhacha Bhaile Átha Cliath

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar cheann de 8 gceantar cathrach a d'éirigh leo le déanaí ina iarratas ar mhaoiniú a fháil ó Spórt Éireann agus ó na Cuntais Dhíomhaíochta chun togra 'An Chathair Ghníomhach' a fhorbairt. Is Cathair Ghníomhach ann ná cathair ar a chruthaíonn agus a fheabhsaíonn deiseanna go leanúnach sna timpeallachtaí tógtha agus sóisialta chun cur ar chumas gach duine a bheith gníomhach go fhisiciúil sa saol laethúil. Thar na blianta amach romhainn, beidh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gceannas ar an tionscnamh seo, a oibreoidh leis na rannóga éagsúla san Údarás Áitiúil agus sna gníomhaireachtaí comhpháirtíochta sa Chontae chun an tionscadal seo a chur i gcrích.

Is é sprioc fhoriomlán thionscadal Cathracha Ghníomhacha Bhaile Átha Cliath ná go mbeidh deis agus spreagadh ag gach duine sa Chontae páirt ghníomhach a ghlacadh sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp. Díreofar go príomha ar réimsí faoi mhíbhuntáiste agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Mar sin, coinnigh súil amach do Chathracha Ghníomhacha Bhaile Átha Cliath sna blianta amach romhainn agus cabhraigh linn Baile Átha Cliath a dhéanamh ina cathair ghníomhach.



Giniúint Ceoil seolann ionstraimí i bPáirceanna!

Tugann Music Generation dlr, i gcomhar le Páirceanna dlr, cuireadh duit chuig Páirc Sheangánaí ar 1 Meitheamh, 1i.n., le haghaidh tionscnamh Uirlisí i bPáirceanna Music Generation dlr a sheoladh.

Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo acmhainn ceoil atá inrochtana go forleathan a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga i bpobal Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá sé chun leanaí agus daoine óga ó chlár Music Generation dlr a spreagadh leanúint ar aghaidh le ceol a sheinnt i spásanna poiblí.

Ba chóir breathnú ar na huirlisí seo freisin mar spás ceoil do gach ball den phobal agus mar spás chun dul ar do thuras ceoil ag aon chéim den saol.

Cuimhnigh, do uirlis féin a thabhairt leat Go Páirc Sheangánaí agus a bheith páirteach leo siúd ar mian leo cnaguirilís a sheinm.

Beidh cineálacha éagsúla ionstraimí ar fáil i:

- Páirc Sheangánaí
- Páirc Bhaile Amhlaoibh
- Páirc na Carraige Duibhe
- Páirc Chábán tSile

Tá súil againn tú a fheiceáil ann.



dlr Cruinniú na nÓg 2022

Bí linn i Lexlcon dlr, Dún Laoghaire agus Campas Sibhialta Samuel Beckett, Baile Uí Ógáin Dé Sathairn 11ú Meitheamh don Lá Náisiúnta Cruithaitheachta do Leanáí. Beimid ag ceiliúradh Cruinniú na nÓg le clár bríomhar d'imeachtaí beo timpeall an chontae, amuigh faoin aer a thabharfaidh deis do gach duine a gcruthaitheacht a thaispeáint!

Ó cheardlanna ukulele agus cnaguirilís go dtí ealaín sráide agus dúlra; ó dhamhsa go scileanna sorcais, tá rud éigin ann do gach duine ag dlr Cruinniú na nÓg 2022. Beidh Leabharlanna dlr ag seoladh Scéal Trails nua mar chuid de Chruinniú 2022, agus mar sin is lá é nach gá cailliúint amach air!

Tá na himeachtaí ar fad saor in aisce, agus ní mór áirithint a dhéanamh roimh ré do roinnt ceardlanna, agus clárú ar an lá do chinn eile. Féach [eventbrite.ie](https://www.eventbrite.ie) chun sonraí a fháil faoi imeachtaí ináirithe roimh ré.

Faigh bróisiúr le liosta iomlán d'imeachtaí ó do leabharlann áitiúil nó [féach ar na sonraí ar líne anseo](#).

Faigheann gach imeach de chuid dlr ag Cruinniú 2022 tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach.

Summer Stars 2022

Tá lúcháir ar Leabharlanna dlr a fhógairt go mbeidh ár nEachtra Léitheoireachta Summer Stars do pháistí ar siúl i ngach craobh den Leabharlann arís an samhradh seo.

Is clár spreagúil léitheoireachta é Summer Stars atá ar fáil saor in aisce do gach páiste. Táimid ag spreagadh gach páiste páirt a ghlacadh inár réimse scéalaíochta agus imeachtaí spraoiúla eile i rith an tsamhraidh.

Tugtar cuireadh do gach páiste clárú don eachtra ina leabharlann áitiúil agus taitneamh a bhaint as go leor leabhar a léamh mar chuid den eachtra i rith laethanta saoire an tsamhraidh. Tabharfar Cárta Léitheoireachta Summer Stars do gach rannpháirtí chun a ndul chun cinn féin a thairneadh agus a rianú agus cuirfear stampa luaíochta leabharlaine lena gcárta léitheoireachta sa leabharlann tar éis gach leabhar a léamh.

Spreagfar páistí chun leanúint ar aghaidh ag léamh ar fud an chláir agus beidh luach saothair agus dreasachtaí ar an mbealach. Ag deireadh na heachtra, tugtar cuireadh do gach páiste a ghlacann páirt freastal ar ócáid ghradaim ag a mbronnfar Teastas Summer Stars orthu.

Beidh rochtain ag leanáí agus ag teaghlaigh ar imeachtaí léitheoireachta spraoiúla ar phríomhshuíomh Idirlín Summer Stars [summerstars.ie](https://www.summerstars.ie). Beidh imeachtaí do pháistí ar siúl freisin i gcrabhbhacha agus ar líne i rith an tsamhraidh. Seolfar Summer Stars 2022 mar chuid de Chruinniú na nÓg 2022 ar an 11 Meitheamh, mar sin coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin agus ar ár meáin sóisialta le tuilleadh nuashonruithe a fháil!



dlr Libraries resources for Ukrainian Nationals

Welcome ~ ласкаво просимо ~ добро пожаловать


dlr Libraries welcomes Ukrainian Nationals to Ireland and to our library service!

Our libraries are open to everyone and free to use. You don't need to join to come into our libraries or attend an event, but a library card gives access to great services; it's free and there are no late charges on any items. If you have any questions, please feel free to contact staff and we'll be happy to help:

libraries.dlrcoco.ie/using-your-library/find-your-library

Please see our website for further information in both Ukrainian and Russian that you can download. Remember, we also have an Accessibility tool on our websites that can translate content into any language. libraries.dlrcoco.ie/

Gníomhaíochtaí Cuimsitheacha do dhaoine le Néaltrú do Shamhradh 2022 i Lexlcon dlr



Mountain Ranger on Patrol, Bailiúchán Contae dlr

An bhfuil tú i do chónaí le néaltrú, nó ar mhaith leat rud éigin difriúil a thriail agus tú i do chónaí le duine a bhfuil cion agat orthu a bhfuil néaltrú orthu? Beidh réimse gníomhaíochtaí á óstáil ag Oifig Ealaíona dlr i rith mhíonna an tsamhraidh a bheidh an-suimiúil ar fad. Freisin, beimid ag óstáil 'A Collection of Conversations, a Dementia Inclusive Gallery Exhibition', a osclóidh ón 16 Meitheamh i Lexlcon dlr i nDún Laoghaire. Mar chuid den taispeántas beidh suiteáil ilchéadfach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu sa Ghailearaí chomh maith le saothair ealaíne ó Bhailiúchán Contae dlr agus ó Bhailiúchán Ealaíne Bardasach Dhroichead Átha ó Ghailearaí Highlanes. Tá ár dturas Gailearaí Cuimsitheach a fhríonn ar an Néaltrú a bhfuil tóir orthu ar ais go pearsanta sa ghailearaí. Beidh go leor ceardlann agus imeachtaí saor in aisce dírithe ar dhaoine le néaltrú agus ar a dteaghlaigh le taitneamh a bhaint astu. Á mhaoiniú ag Clár Chruthaitheachta na hÉireann ildánach sa tSeanaois agus ag FSS/Comhpháirtíocht Ealaíon agus Sláinte Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil leis an Oifig Ealaíon trí ríomhphost a sheoladh chuig arts@dlrcoco.ie nó cuir glaoh ar: **01 2362759**



Nora and Jim Curves of Emotion le Martina Devlin

Amharclann an Stiúideó, Lexlcon dlr, Dé Luain 13 Meitheamh

'Men are governed by lines of intellect – Women, by curves of emotion' – James Joyce

1922 atá ann agus tá an t-úrscéal is cáiliúla sa 20ú haois, Ulysses, díreach foilsithe.

Tá a fhios ag James Joyce agus Nora Barnacle go n-athróidh sé a saol go deo — ach tá an chéad chóip den leabhar seo a bhfuiltear ag súil leis le fada gan oscailt ar an mbord os a gcomhair.

Ina ionad sin, leagann lá an fhoilsithe béim ar dheacrachtaí ina gcaidreamh: a ól trom, imní faoina gcuid airgid, a uaigneas nuair a imíonn sé isteach ina chuid scríbhneoireachta.

Is léiriú nua aon-ghníomhach é seo do bheirt aisteoir faoi na Joyces, le béim ar Nora Barnacle Joyce. Leagann sé béim ar a tábhacht mar bhé agus tionchar cobhsaí i saol James Joyce.

Scríofa go speisialta do chomórath céad bliain Ulysses ag an t-údar agus an t-iriseoir Martina Devlin, is iad Lise-Ann McLaughlin agus Nick Dunning príomhréalta an drama.

Tá sé riachtanach áirithint a dhéanamh trí eventbrite.



Club Leabhar do Naíonáin ag Lexlcon dlr

Tá ríméad orainn a bheith ag tabhairt isteach arís ár gClub Leabhar do Naíonán ó Bhealtaine ar aghaidh. Beidh seisiúin ar siúl gach dara Céadaoin den mhí ag tosú 11 Bealtaine ag 10.00r.n. ar Leibhéal 4. Fáilte roimh chách agus ní gá áit a chur in áirithe.

Imeachtaí do scoileanna sa Lab i Lexlcon dlr

Tá an Lab ar Leibhéal 3 athoscailte agus ag obair le bunscoileanna i gceantar dlr as seo go dtí deireadh mhí an Mheithimh. Beidh Christine ó Anyone4science ag obair le heolaithe óga ar thurgnaimh cosúil le hungadh a chruthú do cheailg beach, táscairí aigéad/bonn agus ardú do dhaoine fásta ag baint úsáide as faic seachas luamháin! Chun tuilleadh eolas a fháil, féach ar ár bhfeasachán coicéisiúil do Leabharlanna dlr nó seol ríomhphost chuig dlrlexiconlib@dlrcoco.ie



Club Lego Lexlcon dlr

Oiriúnach do pháistí idir 7-10 bliana d'aois
3:30 i.n. – 5:00 i.n.

Tá an Club Lego ar ais mí Meitheamh seo. Ó Déardaoin 2 Meitheamh beidh deis agat do thaobh cruthaitheacgh a thaispeáint tríd na brící beaga dathannacha seo.

Ní mór clárú toisc nach bhfuil ach líon áirithe spásanna ar fáil. Chun spás a chur in áirithe, seol ríomhphost go dtí dlrlexiconlib@dlrcoco.ie.

LEXICON dlr | TAISPEÁNTAIS



Taispeántais Good 100 agus Czech Heroines de chuid Renata Fucikova

16 May – 30 June

Good 100 – díreoidh taispeántas agus ciclipéid ar na tráthanna is bródúla i stair agus i stair chultúrtha Phoblacht na Seice (Seicslóvaic) ó bunaíodh an tSeicslóvaic in 1918.

Czech Heroines – sraith portráidí de na mná is suntasaí i stair na Seice, a cruthaíodh le 100 bliain a chomóradh ó ritheadh Bunrecht na Seicslóvaice 1920 a thug cearta comhionanna dp mhná.

The Forgotten 10

16 Bealtaine – 30 Meitheamh

Ba iad ‘The Forgotten Ten’ ná: Kevin Barry (a cuireadh chun báis an 1 Samhain 1920), Patrick Moran ó Pháirc Uí Mhóráin, nasc speisialta le DLR, Thomas Whelan, Francis Flood, Bernard Ryan, Thomas Bryan agus Patrick Doyle (a cuireadh chun báis ar an 14 Márta 1921), Thomas Traynor (a cuireadh chun báis an 25 Aibreán 1921), Patrick Maher agus Edmond Foley (a cuireadh chun báis 7 Meitheamh 1921).

Idir 18 agus 40 bliain d’aois, tháinig ‘The Forgotten Ten’ ó gach cearn d’Éirinn agus ó gach cuid de shochaí na hÉireann. Bhí mná céile agus leanaí ag go leor díobh, cé gur fir óga ag tosú amach sa saol a bhí roinnt mhaith eile díobh. Bhí gach ceann díobh curtha faoi thriail armchúirte faoi cheannas mhíleata na Breataine agus cúisíodh iad i gcoireanna cosúil le dúnmharú, tréas agus cogadh a thobhach, agus gearradh pianbhreith báis orthu. Rinne a gcur chun báis nuacht idirnáisiúnta agus bheadh cuid acu ina n-ainmneacha teaghlaigh. Níor thagair an cur síos orthu mar ‘The Forgotten Ten’ ar an gcaoi ar tugadh chun cuimhne iad, ach gur fhan siad curtha taobh thiar de bhallaí arda Phríosún Mhuinseo go dtí gur cuireadh iad i Reilig Ghlas Naíon sa bhliain 2001.

Leinster Printmakers’ Oidhreacht – Taispeántas Oidhreacht

4 Iúil – 31 Lúnasa



Ag Strachailt, Pamela de Brí

Is iomaí tagairt atá ann faoin oidhreacht. Is féidir leis tagairt a dhéanamh ar thraidisiúin chultúrtha, teanga, tuath, foirgnimh stairiúla/láithreáin stairiúla, réada nó táirgí traidisiúnta lena n-áirítear an dúlra, bia agus ceardaíocht, chomh maith le nithe, fisiciúil nó neamhfhisiciúil, a fuarthas le hoidhreacht tar éis bás duine.

Is éard atá sa taispeántas seo ná 47 prionta bunaidh lámhdhéanta teoranta le 32 Ealaíontóirí ó Leinster Printmaking Studio agus ealaíontóirí bainteacha ar tugadh cuireadh dóibh, arna roghnú ag Alice Hanratty, ball d’Aosdána.

Ealaíontóirí bainteacha:

Margaret Becker, Claire Halpin, Constance Short, Pamela de Brí, Vera McEvoy, Sheelyn Browne, Don Braisby, Aidan Flanagan, William Finnie, Veronica Calarco, Bernie Fleming, Paula Fitzpatrick, Val Hennigan, Rebecca Homfray, Eileen Keane, Hilary Kinahan, Pauline Kane, Brian Lalor, Felicity McCarton, Mary McGrath, Jill McKeown, Bernadette Madden, Mo Montgomery, Nuala O’Dea, Frank Rafter, Melissa Cherry, Regina Richardson, Katherine Smits, Margaret Tuffy, Katie Walshe, Michelle Sweetman.

Déanann do Chomhairleoirí dlr ionadaíocht ortsa

DÚN DROMA



An CLR **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 829 0570
RÍOMHPHOST: sbrennan@cllr.dlrco.ie



An CLR **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige,
Bóthar Bhaile an tSaoir

FÓN PÓCA: 087 245 4202
RÍOMHPHOST: acolgan@cllr.dlrco.ie



An CLR **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana,
Baile an Teampaill

FÓN PÓCA: 087 115 4468
RÍOMHPHOST: ddunne@cllr.dlrco.ie



An CLR **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa,
Bóthar Chill Mochuda Uachtarach

FÓN PÓCA: 087 282 5511
RÍOMHPHOST: agranger@cllr.dlrco.ie



An CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain,
Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16

FÓN PÓCA: 087 741 1638
RÍOMHPHOST: smcloughlin@cllr.dlrco.ie



An CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard,
Dún Droma, D16 KT53

FÓN PÓCA: 086 461 1638
RÍOMHPHOST: pobrien@cllr.dlrco.ie



An CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce,
Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma

FÓN PÓCA: 086 818 6732
RÍOMHPHOST: joleary@cllr.dlrco.ie

STIGH LORGAN



An CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 461 1625
RÍOMHPHOST: ddonnelly@cllr.dlrco.ie



An CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 141 5641
RÍOMHPHOST: edowling@cllr.dlrco.ie



An CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 772 0794
RÍOMHPHOST: jkennedy@cllr.dlrco.ie



An CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua,
Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath

FÓN PÓCA: 086-8516936
RÍOMHPHOST: moconnell@cllr.dlrco.ie



An CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh,
Cnoc Mhuirfean

FÓN PÓCA: 086 781 4517
RÍOMHPHOST: bsaul@cllr.dlrco.ie



An CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 193 6483
RÍOMHPHOST: dsmith@cllr.dlrco.ie

AN CHARRAIG DHUBH



An CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale,
An Charraig Dhubh

FÓN PÓCA: 086 818 6704
RÍOMHPHOST: mbaker@cllr.dlrco.ie



An CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 461 1627
RÍOMHPHOST: kfeeney@cllr.dlrco.ie



An CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 085 120 2121
RÍOMHPHOST: mhanafin@cllr.dlrco.ie



An CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

RÍOMHPHOST: mdockrell@cllr.dlrco.ie



An CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 908 1058
RÍOMHPHOST: sofaolain@cllr.dlrco.ie



An CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

FÓN PÓCA: 0872041559
RÍOMHPHOST: mfanning@cllr.dlrco.ie

DÚN LAOGHAIRE



An CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an
Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co.
Bhaile Átha Cliath

FÓN PÓCA: 086 461 1626
RÍOMHPHOST: mfayne@cllr.dlrco.ie



An CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland,
Cualanor, Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 790 5555
RÍOMHPHOST: lhall@cllr.dlrco.ie



An CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 373 2518
RÍOMHPHOST: tkivlehan@cllr.dlrco.ie



An CLR **MELISA HALPIN** PSB
f/ch 13 Sráid Sheirse lochtarach,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 380 5793
RÍOMHPHOST: mhalpin@cllr.dlrco.ie



An CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 313 8815
RÍOMHPHOST: jmoylan@cllr.dlrco.ie



An CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheirse Uachtarach,
Dún Laoghaire

AN LEAS-CHATHAÍRE
FÓN PÓCA: 087 270 7745
RÍOMHPHOST: jconnell@cllr.dlrco.ie



An CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt
Baile na Manach

FÓN PÓCA: 087 247 3448
RÍOMHPHOST: dquinn@cllr.dlrco.ie



CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL



An CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil,
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 109 4032
RÍOMHPHOST: mclark@cllr.dlrco.ie



An CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí,
Bóthar Bhré, Seanchill

FÓN PÓCA: 086 813 1456
RÍOMHPHOST: jgildea@cllr.dlrco.ie



An CLR **HUGH LEWIS** NSP
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige,
An Baile Breac

FÓN PÓCA: 086 781 4523
RÍOMHPHOST: hlewis@cllr.dlrco.ie



An CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 104 3210
RÍOMHPHOST: fmcnamara@cllr.dlrco.ie



An CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill

FÓN PÓCA: 086 278 5609
RÍOMHPHOST: denisoc@cllr.dlrco.ie



An CLR **UNA POWER** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 386 1048
RÍOMHPHOST: unapower@cllr.dlrco.ie



An CLR **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na
Mara, Cill Iníon Léinín

FÓN PÓCA: 086 383 5051
RÍOMHPHOST: carriesmyth@cllr.dlrco.ie

GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH



An CLR **LETTIE McCARTHY** LO
AN CATHAÍRE
23 Arda Chill Ghobáin,
An Chéim

FÓN PÓCA: 086 818 6718
RÍOMHPHOST: lmccarthy@cllr.dlrco.ie



An CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille,
Áth an Ghainimh

FÓN PÓCA: 086 781 4515
RÍOMHPHOST: tmurphy@cllr.dlrco.ie



An CLR **SEAN SEXTON** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 165 9022
RÍOMHPHOST: ssexton@cllr.dlrco.ie



An CLR **OISÍN O'CONNOR** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 606 5648
RÍOMHPHOST: oconnor@cllr.dlrco.ie



An CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige,
Bóthar Áth an Ghainimh

FÓN PÓCA: 086 031 3448
RÍOMHPHOST: kahmed@cllr.dlrco.ie



An CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 715 2786
RÍOMHPHOST: eblain@cllr.dlrco.ie



An CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime,
Sráidbhaile na Céime

FÓN PÓCA: 086 020 1665
RÍOMHPHOST: mffleming@cllr.dlrco.ie